



C/2024/4674

22.7.2024

**Foilsíú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE)
Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do
tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2024/4674)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Torrezno de Soria’

Uimh. AE: PGI-ES-03038 — 27.11.2023

ATFC () TGFC (X)

1. Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]

‘Torrezno de Soria’

2. Ballstát nó Tríú Tír

an Spáinn

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia

3.1. Cineál an táirge

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is táirge feola dronuilleogach é ‘Torrezno de Soria’ a dhéantar as bolg muiceola úr ó mhuca bána, agus an craiceann air, a gcuirtear salann leis; déantar é a leasú agus féadfar é a bhratú le pairprice agus spíosraí eile.

Is ó easnacha/cuid thairr na muice idir ceann na gualainn tosaigh agus tús na gcós droma a thagann an bolg úr a úsáidtear chun ‘Torrezno de Soria’ a tháirgeadh.

Tá na saintréithe seo a leanas ag ‘Torrezno de Soria’:

Saintréithe moirfeolaíocha:

— Tiús: suas le 6 cm.

— Cruth dronuilleogach: 25 go 55 cm ar fad agus 15 go 35 cm ar leithead.

— Struchtúr an ghearrtha (san ord seo): comhdhéanta de chraiceann, na trí chiseal comhábhar is gnách (saill, trua, saill) agus an fhéidearthacht ciseal mín trua a fhágáil ag an mbarr.

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

Paraiméadar

Raon feidhme

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fiona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj>).

Taisleach (g/100 g):

20 % ar a laghad agus nach mó ná 40 %

Próitéin (g/100 g)

15 % ar a laghad agus nach mó ná 25 %

Próitéin (g/100 g)

35 % ar a laghad agus nach mó ná 60 %

Clóiríd (g/100 g)

Níos lú ná 3 %

Cóimheas saille/próitéine:

$1,6 < Fr/p < 3,5$

Is féidir an táirge a chur ar an margadh:

- mar aonad iomlán amháin, pacáistithe nó neamhphacáistithe,
 - i méideanna atá cothrom le 100 g nó níos mó ná sin, i smutáin nó slisní, iad pacáistithe i gcónaí.
- Tá ‘Torrenzo de Soria’ oiriúnach lena chaitheamh tar éis cóireáil teasa.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Níl aon cheanglas sonrach infheidhme maidir le beatha.

Úsáidtear na comhábhair seo a leanas chun ‘Torrenzo de Soria’ a tháirgeadh:

- Bolg muiceola úr ó mhuca bána
- Salann inite

Roghnach:

- Paiprice milis
- Gairleog, piobar agus oragán
- Deastrós
- Breiseáin údaraith:

nó Leasaithe: Nítrítí agus níotráití:

nó frithocsaídeoirí: aigéad ascorbach agus ascorbaigh

Réamhriachtanais le haghaidh amhábhair:

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith sa phíosá bolg muiceola úir:

- i. Cruth dronuilleogach, 15 x 35 cm ar a laghad agus 25 x 55 cm ar a mhéad.
- ii. Maidir leis an struchtúr deiridh, tá sé comhdhéanta de chraiceann, na trí chiseal is gnách (sail, trua, sail) agus an fhéidearthacht ciseal mín trua a fhágáil ag an mbarr. Níor chóir an bolg úr a bheith níos mó ná 8 cm ar tiús. Ní dhéantar an craiceann a bhaint.

Ní mór an craiceann a bheith san áireamh sa bholg úr a úsáidtear, ní mór é a bheith gan ghruaig, ní mór é a bheith inslithe go maith agus ní mór é a bheith saor ó aon mháchain a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht (e.g. brú, smáil fola).

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Áirítear sa phróiseas táirgthe na céimeanna a bhaineann leis an mbolg a fháil, ansin an sailleadh, an sciúradh (roghnach), an blaistiú (roghnach) agus an leasú. Is i ngléasraí próiseála feola atá faoi réir cigireachta agus a chuirtear isteach sna cláir ábhartha amháin a dhéantar ‘Torrenzo de Soria’, agus tá siad lonnaithe sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an táirge a shlisniú agus a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe chun a áirithiú gur féidir an táirge a rianú agus faireachán a dhéanamh air.

Cuirfear an táirge a chur ar an margadh

— mar aonad iomlán amháin, pacáistithe nó neamhphacáistithe, nó

— i bpacáistí atá cothrom le 100 g nó níos mó ná sin, i smutáin nó slisníní, iad pacáistithe i gcónaí.

Tá údar leis sin mar gheall ar an ngá atá le hinrianaitheacht agus rialú an táirge a áirithiú.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór séala ráthaíochta a bheith ar gach gearradh agus/nó pacáiste ina bhfuil feoil ‘Torrezno de Soria’ a scaoiltear lena caitheamh, séala ar a mbeidh, ar a laghad, lógó an ainmniúcháin lena n-áirítear na téarmaí ‘Tásc Geografach faoi Chosaint’, ‘Torrezno de Soria’, siombail an Aontais le haghaidh tásc geografach faoi chosaint, agus an uimhir aitheantais. Ní mór an séala a ghreamú ar bhealach nach féidir é a athúsáid.

Is mar a leanas atá lógó an ainm ‘Torrezno de Soria’:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an limistéar geografach sainithe cúige iomlán Soria

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá nasc idir an limistéar geografach sainithe agus an táirge ‘Torrezno de Soria’ trína cháil agus trí shaintréithe sonracha an táirge.

Is táirge feola é ‘Torrezno de Soria’ a dhéantar as bolg muiceola úr ó mhuca bána. Muiceoil úr leasaithe is ea é, tá sí dronuilleogach i gcruth agus tá sí déanta de thrí chiseal (saill, trua, saill) mar aon le ciseal trua roghnach ar an mbarr chomh maith leis an gcráiceann. Is í an phróifíl sin a thugann cóimheas cothromaithe saill/trua an táirge, rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh friochadh.

Is de bhunús an mharaithhe thraidisiúnta in Soria iad saintréithe sonracha an bhoilg muiceola úir a úsáidtear chun ‘Torrezno de Soria’ a dhéanamh, traidisiún ina bhfaightear píosa muiceola ar a dtugtar an ‘intima’ (an dlúthchuid) nó an ‘alma’ (anam) go traidisiúnta sa réigiún, mar a thuairiscigh Pedro Iglesia Hernández (1991) ina leabhar ‘*La matanza en tierra Sorianas*’ [Marú i dtalamh Soria]. Cuireann an t-údar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an marú in Soria sna 1950idí. Déanann sé cur síos mionsonraithe ar an ngnás agus léiríonn sé go bhfuil féiniúlacht ar leith ag an marú sa chúige (lch. 49). Arsa é siúd ansin:

‘Seachas an mhuc a oscailt in dhá leath le gearradh lárnach amháin, is é an cleachtas coiteann ar fud fhormhór an chúige, gearradh ón mbrollach ar feadh na línte dronnacha a chumascann isteach sna ceathrúna istigh agus píosa fearsaidchruthach saille muiceola a thabhairt amach i gcruth cudail ar a dtugtar *la íntima* [“an dlúthchuid”, go díreach], an *alma* [saill a fhaightear ón roinn idir muineál agus bolg íochtarach na muice, a aistrítear mar “an t-anam”] agus an *entrealma* [saill a fhaightear ón mbolg, a aistrítear mar “an t-idir-anam”]. (lch. 80)

Ansin déanann Iglesia cur síos ar an ngearradh, agus dealaíonn sé idir an tsaill, lena n-áirítear an chuid stríocach a fhaightear ó chodanna éagsúla den mhuc, agus na *torreznos* (rásúir) a fhaightear ó *la íntima* (lgh. 86 agus 87). Tarraingíonn sé aird ar an bhfioras gurb éard atá sa phíosa seo (*la íntima*) “saill stríocach, rud a thugann a dheabholadh sainiúil dó” (lch. 116).

Tá an bolg muiceola agus an *torrezno* le blianta fada mar chuid lárnach de shaol agus de nósanna mhuintir Soria. Léirítear é sin leis na chéad taifid scríofa a théann siar go 1964, taifid ina gcruthaítear nasc idir an *torrezno* agus Soria (*España en paz* [An Spáinn in aimsir shíochána] Manuel García Matos, 1964, lch. 88) agus ina dtagraíonn an t-údar don *torrezno* mar chuid den aiste bia i réigiún Soria: 'Is cuid d'aiste bia laethúil daoine in Soria é *Gachas* [brachán lom tiubh] a dhéantar as plúr peasaire sícphiseánach agus saill mhionaithe, agus an *torrezno* atá blasta agus traidisiúnta.'

Tá litríocht eile ina sonraítear traidisiún gastranómach an *torrezno* in Soria, litríocht lena ndeimhnítear cineál eisiach an bhealaigh sin chun an mhuc a láimhseáil chun *la íntima* nó *alma* a fháil, arbh é ab aidhm dó an *torrezno* a fháil trína fhriochadh:

In *Oncala Ayer y Hoy* (Oncala inné agus inniu), atá mar chuid de Bhailiúchán Téamach Soria Uimh. 40 (Comhairle Chúige Soria, 1999) léirítear gur cuid den aiste bia an *torrezno* agus go n-ítí *torrezno* ó *la íntima* ar an gcéad lá de mharú na muice (lch. 299).

An leabhar '*Por el renacimiento de la tradición. XXV aniversario de las jornadas ritogastronómicas de la matanza en el Virrey*' [Athshaolú an traidisiúin - comóradh 25 bliana ar na deasghnátha gastranómacha a d'eascair as an marú in Virrey] (1999), le Miguel Moreno a fuair an teideal 'Croiniceoir Soria' tagraíonn sé don nós in Soria *el alma* a bhaint agus é a iompú ina *torrezno del alma*. Ba é Moreno a chuir tús le heagrán 1976 de na laethanta deasghnátha thuasluaite agus thagair sé go sonrach i Roinn IV do '*torreznillos de entrealma*', mar a thugtar air, toisc nach raibh iontu ach '*torreznos*' beaga (lch. 25).

In *De fogones y Pitanzas Sorianas* (1997) [Cistineacha agus Bianna Soria], maidir le cócaireacht Soria, tagraíonn na deartháireacha Goig Soler do 'sóláistí ceiliúrtha arb iad is saintréithe do Soria amhail an *torrezno*' agus tugann siad dá n-aire, ar an gcéad lá tar éis an mharaíthe, 'go raibh *torreznos del alma* ag daoine chun lóin.' (lch. 7)

Sóláiste áitiúil ab ea an 'Torrezno de Soria' ar dtús ach tá suntasacht bainte amach aige ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta anois a bhuí le forbairt na turasóireachta, de réir mar a thosaigh cuairteoirí chuig an réigiún ag tabhairt ardmholadh do *torreznos*, agus níos déanaí scaip siad an focal ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta.

Tá roinnt gradam bainte ag 'Torrezno de Soria' amhail duais ghastranamaíochta Acadamh Gastranamaíochta agus Bia Castile-León, duais La Posada in 2015 as 'an tionscadal is fearr in Soria', arb é an nuachtán *El Mundo* a bhronn air é; agus Duais Bhia Ghradaim Campo (2021) a d'eagraigh nuachtán *Norte de Castilla*.

Tá 'Torrezno de Soria' le feiceáil freisin i leabhar bia Carlos Díaz Güell '*Los 100 grandes platos de la cocina española*' [100 béile mór Spáinneach] (2021), leabhar ar chuir 60 gourmet agus léirmheastóir bia Spáinneach leis.

Tá 'Torrezno de Soria' tar éis a bheith sna meáin, lena n-áirítear ar theilifís bhuaic-ama.

Ar an gclár teilifíse *Un país para comérselo* [Tír Itheacháin], eipeasóid dar teideal 'Faigh amach rúin "Torrezno de Soria"' (24 Nollaig 2014), tagraítear do 'Torrezno de Soria' mar an *torrezno del alma*. I gclár teilifíse príomhshrutha eile ar theilifís náisiúnta na Spáinne, Celebrity Masterchef 4 (a léiríodh an 16 Deireadh Fómhair 2019), rinne na hiomaitheoirí tástáil scileanna ina ndearna siad 'Torrezno de Soria'.

Tá sé le feiceáil freisin i meáin speisialaithe agus i bhforlíontaí:

Bhí alt faoi 'Torrezno de Soria' in *El Comodista*, forlíonadh gastranamaíochta speisialta nuachtán *El País*, alt dar teideal 'Filleadh Buacach Torrezno' (Casteleiro 2018), agus tugadh mionsonraí ann faoi fheabhas an táirge: 'Tá an *torrezno* ag teacht chun cinn ar domhan. Caithimid súil ar cheann de na feiniméin ghastranómacha atá ann faoi láthair agus inseoimid duit cá bhfaighidh tú an ceann is fearr.'

In alt eile dar teideal 'An *torrezno* is fearr ar domhan' (2022) sa chuid gastranomaíochta den iris *Fuera de Serie*, a d'fhoilsigh an iris Expansión, scríobh Cristina Acebal:

'Deirtear gurb é Castile-León blonag na Spáinne, agus is as an mblonag sin a fhaigheann Soria a shaothar is fearr, an *torrezno*. Stiall tanaí saill bhándearg bhog atá clúdaithe le screamh blasta, craicneach, órga... Ní hamháin gur ceann de sheoda gastranómacha Castile-León é "Torrezno de Soria", tá sé ar cheann de sheoda gastranómacha na Spáinne ar fad.'

Foilsíodh alt in iris ORIGEN an 16 Nollaig 2016 dar teideal 'Torrezno de Soria - biatháirge an lae', ina ndúradh an méid seo a leanas: 'Má tá táirge bia amháin ann a bhfuil dlúthbhaint aige le cúige Soria, is é an *torrezno* é'.

Is mar seo a leanas a chuirtear síos ar ‘Torrezno de Soria’ in Eagrán Speisialta Cócaireachta na hirise ¡HOLA! (Almudi, 2022):

‘Screamh atá órga agus an-chraicneach, trua, bog, agus an-bhlasta, a bhfuil cothromaíocht ann idir an fheoil agus an tsail agus iad fite fuaite ina chéile... ceann de na heispéiris bhia sin ar cheart do gach duine a bhfuil dúil acu i mbia triail a bhaint as uair amháin ar a laghad is ea na fiacra a thumadh isteach i “Torrezno de Soria”; tá go leor táirgeoirí ann a dhéanann *torreznos*, ach níl sárú na dtáirgeoirí i gcúige seo na Caistíle le fáil.’

Chomh maith leis sin, mheall ‘Torrezno de Soria’ aird agus aitheantas léirmheastóirí móra bia amhail Carlos Maribona (roinn an bhia, *La Verdad*, an 21 Eanáir 2021), a scríobh:

‘...más ag caint ar shailte saibhre atáimid, is cinnte nach bhfuil aon rud níos fearr ná *torrezno* maith... Mar is eol duit go cinnte, is iad na *torreznos* is mó a cheiliúrtar na *torreznos* ó Soria, a bhfuil oiread tóra orthu ansin go bhfuil siad cumhdaithe fiú le marc ráthaíochta, ‘Torrezno de Soria’.

Ar deireadh, tá oiread tábhacht ag baint le ‘Torrezno de Soria’ gur cuid thábhacht é d’imeachtaí cultúrtha amhail an *Jornadas Ritogastronómicas de la Matanza* [Gnásanna Gastranamaíocha a d’eascair as an marú] a reáchtálar in Burgo de Osma, Soria ó bhí 1975 ann, agus atá mar chuid d’Fhéile Díolta Spéise Turasóireachta Castile-León ó bhí 1985 ann. Tá ‘Torrezno de Soria’ le feiceáil ar an roghchlár blaiste a chuirtear ar fáil le linn na féile. Mar nod don traidisiún agus don stair, tugtar ‘*torrezno del alma* ó Soria’ ar an mias.

Tá comórtas á reáchtáil in Soria ó bhí 2014 ann ar a dtugtar *El Mejor Torrezno del Mundo* [an Torrezno is Fearr ar Domhan], féile ina gceiliúrtar ‘Torrezno de Soria’, féile a mheallann líon méadaitheach turasóirí agus ionaid fáilteachais rannpháirteacha bliain i ndiaidh bliana.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

<https://www.itacyl.es/web/guest/calidad-diferenciada/dop-e-igp/listado-dop-agroalimentarias>